



An Roinn Dlí agus Cirt
agus Comhionannais
Department of Justice
and Equality

An Tuarascáil ón nGrúpa Idir- rannach ar an Togra ón Aontas Eorpach le haghaidh Scor d'Athruithe Séasúracha Cloig

Iúil 2019

Clár Ábhar

Achoimre Fheidhmeach	2
Cuid 1 - Réamhrá.....	4
Raon feidhme na tuarascála seo	4
Stair na socruithe ama samhraidh	4
An Seasamh in Éirinn.....	7
Cuid 2 - Cúlra an togra reatha ón Aontas.....	9
An rún ón bParlaimint.....	9
An scrúdú ón gCoimisiún	10
Comhairliúchán	10
Tuarascáil	11
An Togra a cuireadh i láthair	11
Bunús Dlí	12
Díospóireacht na mBallstát.....	12
An seasamh ón Ríocht Aontaithe.....	13
An seasamh ó Thuaisceart Éireann	14
Cuid 3 - Obair an ghrúpa Idir-rannaigh agus an cleachtadh comhairliúcháin poiblí.....	15
Comhairliúchán poiblí na hÉireann.....	15
Pobalbhreith	16
Suirbhé Poiblí	21
Na haighneachtaí a fuarthas	23
Na tuairimí a fuarthas ar an togra.....	25
Na seasaimh ó na Ranna	30
Cuid 4 – Anailís ar bhuanna an togra	35
Cuid 5 – Conclúidí agus an Moladh	42
Aguisíní.....	44
Tagairtí	67

Achoimre Fheidhmeach

Ag teacht sna sála ar rún ó Pharlaimint an Aontais Eorpaigh i mí Feabhra 2018 le haghaidh athruithe séasúracha cloig a athbhreithniú agus ar chomhairliúchán a seoladh ar fud an Aontais an samhradh seo caite, d'fhoilsigh Coimisiún an Aontais togra i mí Mheán Fómhair 2018 le haghaidh deireadh a chur leis an athrú cloig a dhéantar dhá uair in aghaidh na bliana. Faoin leagan reatha den togra, is sa bhliain 2021 a scoirfí den chlog a athrú dhá uair in aghaidh na bliana.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí chun tuairim an phobail, tuairim an tionscail agus tuairim grúpaí geallsealbhóirí eile ar oileán na hÉireann a thomhas agus chun breithniú a dhéanamh ar aon impleachtaí eile nó aon impleachtaí gan choinne a bheadh ag an togra. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a threoraigh an próiseas comhairliúcháin, ar lena linn a seoladh pobalbhreith agus suirbhé poiblí agus a iarradh aighneachtaí ó ghrúpaí geallsealbhóirí tábhachtacha. Áiríodh leis an bpobalbhreith sampla de 1,000 freagraí a bhí ionadaíoch don daonra náisiúnta. Fuarthas breis agus 16,000 freagra ar an suirbhé agus rinne geallsealbhóirí tábhachtacha breis agus 50 aighneacht.

Cé go bhfuarthas amach sna cleachtaí uile go bhfuil formhór na ndaoine i bhfabhar scor den athrú cloig, maolaítear an seasamh sin nuair a chuirtear na himpleachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn san áireamh. Go háirithe, fuarthas amach gurbh fhearr le formhór na ndaoine dhá chrios ama dhifriúla a sheachaint ar oileán na hÉireann. Is an-chasta an rud é an tionchar a bheidh ann ar Thuaisceart Éireann mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas agus mar gheall ar an bhfíric nach mbeidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag cibé reachtaíocht a ghlacfaidh an tAontas de bhun an togra. Cé nach bhfuil an Ríocht Aontaithe i bhfabhar an togra, ní eol cén seasamh a ghlacfaidh sí i gcás go nglacfaidh an tAontas an reachtaíocht.

Ó foilsíodh an togra, chuir roinnt Ballstát tús le próisis chomhairliúcháin náisiúnta a bhfuil mar aidhm leo na seasaimh uathu a chinneadh. Ina theannta sin, tá an togra ina ábhar do dhíospóireacht leanúnach i meithleacha agus Comhairle an Aontais. Is ábhar imní coiteann do na Ballstáit uile é an seasamh atá á ghlacadh ag tíortha comharsanacha. Tugtar leis na socrúithe atá ann cheana i dTreoir 2000/84/CE soiléire maidir le hoibriú an mhargaidh inmheánaigh agus soiléire don phobal i gcoitinne. Cuireann an éiginnteacht maidir le saincheist an chomhchuibhithe lena tharraingtí atá na socrúithe reatha. I measc na leasuithe ar mhol Parlaimint an Aontais iad ar an dréacht-togra tá ceanglas go mbunófaí sásra comhordúcháin ar fud na mBallstát chun a áirithiú go gcaomhnófar comhchuibhiú margaidh.

An taighde a luaigh Parlaimint an Aontais, an Coimisiún agus geallsealbhóirí éagsúla a thug freagra ar an gcomhairliúchán poiblí, léirítear ann gur neamhchonclúideach atá an fhianaise ar na tairbhí a bhaineann le deireadh a chur leis an gcleachtas trína ndéantar athruithe cloig dhá uair in aghaidh na bliana. Tharraing a lán Ballstát ábhair imní anuas nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair ar an ní agus d'iarr siad ar an Uachtaránacht athbhreithniú níos grinne a dhéanamh ar an mbunús don togra.

Conclúid

Gan fianaise láidir a bheith ann lena dtacaítear leis an status quo a athrú, agus mar gheall ar an riosca a bheadh ann do chomhchuibhiú margaidh, ar an méadú a thioctadh ar an ualach riaracháin ar fud an Aontais agus ar na hábhair inní a tarraingíodh anuas maidir leis an seasamh ó Thuaisceart Éireann/ón Ríocht Aontaithe, is é an moladh nár cheart d'Éirinn ag an am seo tacú le haon togra ar dá bharr a d'fhéadfaí criosanna ama difriúla a chruthú ar oileán na hÉireann ná le haon togra nach mbeadh tionchar dearfach aige ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair.

Cuid 1 - Réamhrá

Raon feidhme na tuarascála seo

Leagtar amach sa tuarascáil seo an breithniú a rinneadh ar an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena scoirtear d'athruithe séasúracha ama agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/84/CE.

Cuireadh Grúpa Stiúrtha idir-rannach, a bhí faoi chathaoirleacht ag an Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais, ar bun i mí Mheán Fómhair 2018 chun cleachtadh comhairliúcháin phoiblí a mbeadh na geallsealbhóirí ábhartha uile páirteach ann a threorú. Ba iad seo a leanas téarmaí tagartha an ghrúpa

- Breithniú a dhéanamh ar an Togra ó Choimisiún an Aontais
- Rannchuidiú le díospóireachtaí ar leibhéal Meithle agus Aireachta
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar chleachtadh comhairliúcháin phoiblí leis na geallsealbhóirí ábhartha uile
- Conclúidí agus moltaí a leagan amach i dtuarascáil lena cur faoi bhráid an Rialtais

Tháinig an grúpa le chéile cúig huaire idir mí Dheireadh Fómhair 2018 agus mí an Mhárta 2019 (féach Aguisín A chun sonraí a fháil faoi chomhaltaí an ghrúpa).

Stair na socruithe ama samhraidh

Ceanglaítear leis na socruithe ama samhraidh atá i bhfeidhm san Aontas go ndéanfaí na cloig a athrú dhá uair in aghaidh na bliana chun freastal ar phatrúin athraitheacha sholas an lae agus chun leas a bhaint as an solas a bhíonn ar fáil in aon tréimhse ar leith.

Tá formhór na mBallstát den Aontas ag cloí le socruithe ama samhraidh (ar a dtugtar Am Coigilte Sholas an Lae freisin) le tréimhse fhada anuas agus téann an chuid is mó de na socruithe sin chomh fada siar leis an gCéad Chogadh Domhanda, leis an Dara Cogadh Domhanda nó leis an ngéarchéim ola sna 1970idí. Ag an am sin, ba é an phríomhaidhm a bhí le socruithe ama samhraidh ná fuinneamh a choigilt. Bhí cúiseanna eile ann freisin, ar nós sábháilteacht ar bhóithre, deiseanna fóillíochta a mhéadú ach solas an lae a fhadú sa tráthnóna agus cleachtas náisiúnta a chur ar chomhréim leo sin de chuid comharsan nó príomh-chomhpháirtithe trádála.


Ba sa bhliain 1980 a tugadh reachtaíocht an Aontais um am samhraidh isteach den chéad uair. Ón mbliain 2001 i leith, tá socruithe ama samhraidh á rialú le Treoir 2000/84/CE ón Aontas, rud lena leagtar oibleagáid ar na Ballstáit uile athrú go ham samhraidh ar an Domhnach deireanach de mhí an Mhárta agus athrú ar ais go dtí a n-am caighdeánach (am geimhridh) ar an Domhnach deireanach de

mhí Dheireadh Fómhair. Ba é an cuspóir a bhí leis an Treoir ón Aontas ná na socrúithe náisiúnta éagsúla a bhí ann cheana a chomhchuíbhiú agus, ar an mbealach sin, cur chuige comhchuíbhithe a chinntiú i leith an athraithe ama laistigh den mhargadh aonair.

Cleachtas coitianta san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus san Aigéine is ea na cloig a athrú. Ach amháin i gcás na hÍoslainne, na Rúise, na Bealarúise agus na Tuirce, ar chuir gach ceann díobh deireadh le hAm Coigilte Sholas an Lae, chuir na tíortha Eorpacha uile nach bhfuil san Aontas iad féin ar chomhréim le sceideal ama samhraidh an Aontais, rud a éascaíonn, i measc nithe eile, trádáil trasteorann, an t-iompar, cumarsáid agus taisteal.

(Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, 2017)

I gcomhthreo le socrúithe ama samhraidh an Aontais, agus go neamhspleách orthu, tá críocha na mBallstát ar Mhór-Roinn na hEorpa grúpáilte ina dtrí chríos ama dhifriúla nó ina dtrí am Chaighdeánacha dhifriúla. Is é an Ballstát é féin a chinneann an t-am Caighdeánach dá chríoch ar fad.



Foinse: Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, bunaithe ar fhaisnéis ó timeanddate.com agus ón gCoimisiún Eorpach

Tá trí chrios ama Chaighdeánacha ann san Aontas faoi láthair:
Am Iarthar na hEorpa (Éire, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe),

Am Lár na hEorpa (17 mBallstát),

Am Oirthear na hEorpa (an Bhulgáir, an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghréig, an Laitvia, an Liotuáin agus an Rómáin).

Tabhair faoi deara: Cloíonn Éire le meán-am Greenwich (GMT) le linn an gheimhridh agus athraíonn sí go GMT+1 le linn an tsamhraidh.

An Seasamh in Éirinn

Rialaítear am samhraidh in Éirinn leis an Acht um Am Caighdeánach, 1968, a leasaíodh sa bhliain 1971 leis an Acht um Am Caighdeánach (Leasú), 1971, chun foráil a dhéanamh d’am geimhridh. Is é I.R. Uimh. 506 de 2001 an leasú is déanaí ar an reachtaíocht sin agus, dá bharr, rinneadh am an athraithe cloig a chaighdeánú ag 1am ar aon dul leis an Treoir ón Aontas sa bhliain 2000. Tosaíonn am geimhridh ag 1.00am Meán-Am Greenwich (GMT) ar an Domhnach deireanach de mhí Dheireadh Fómhair gach bliain, tráth a chuirtear na cloig siar uair amháin. Críochnaíonn am geimhridh ag 1.00am GMT ar an Domhnach deireanach de mhí an Mhárta an bhliain dár gcionn, tráth a chuirtear na cloig ar aghaidh uair amháin. Seasann sé sin do thús an ama samhraidh.

Cé gur chuir Éire agus an Ríocht Aontaithe deireadh le socrúithe ama samhraidh sa bhliain 1968 ar mhaithe lena socrúithe a chomhchuibhiú leo sin sa chuid eile den Eoraip, d’athraigh siad ar ais sa bhliain 1972. Foilsíodh Páipéar Bán sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 1970 ina ndearnadh athbhreithniú ar an triail a rinneadh. Thángthas ar an gconclúid ann nach rabhtas in ann buntáistí agus míbhuntáistí Am Caighdeánach na Breataine a chainníochtú. Bhí an triail ina hábhar do dhíospóireacht i nDáil na Breataine an 2 Nollaig 1970, áit ar vótáil tromlach mór chun deireadh a chur leis an turgnamh.

Chun Éire a choinneáil ar aon dul leis an mBreatain, rinne an tOireachtas an tAcht um Am Caighdeánach (Leasú), 1971, a achtú. Chuathas i ndáil chomhairle leis an bpobal nuair a bhí an Bille á dhréachtú agus bhí formhór na ndaoine i bhfabhar an ceangal a chothabháil. Nuair a rinneadh díospóireacht ar an mBille san Oireachtas, dúirt an tAire Dlí agus Cirt, *“Bhí formhór mór na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí a ndeachthas i ndáil chomhairle leo, mórcomhlachtaí Stáitíonscanta ina measc, i bhfabhar paireacht a chaomhnú leis an mBreatain. Thug beagáinín os cionn 300 duine phríobháideacha a dtuairim ar an ní ach litreacha a sheoladh chuig an Roinn seo. Tríd is tríd, bhí cothromaíocht ann idir an líon daoine a bhí i bhfabhar athrú a dhéanamh chun paireacht a chaomhnú leis an mBreatain agus an líon daoine a bhí ina choinne, áit a raibh beagáinín níos mó ná leathchuid acu i bhfabhar an athraithe. Is deimhin leis an Rialtas, bunaithe ar an tuairim ionadaíoch, gurbh fhéarr le daoine an tír seo a choinneáil ar aon dul leis an mBreatain.”*

Cé go bhfuil dioscúrsa poiblí uaineach ann ar an gcleachtas ó shin i leith, níor éilíodh go ndéanfaí aon athruithe. Is ar leibhéal an Aontais atá an díospóireacht reatha á brú chun cinn go príomha, agus í dírithe ar thosca a bhaineann le comhchuibhiú margaidh. Mar a leagadh amach níos luaithe, tugadh reachtaíocht an Aontais isteach den chéad uair sa bhliain 1980 toisc gur glacadh leis gur ghá na socrúithe a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát. Ba i mí Eanáir 2001 a glacadh an Treoir reatha ón Aontas.

Níos déanaí fós, tháinig an Comhchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas le chéile an 30 Samhain 2011 chun plé a dhéanamh ar na himpleachtaí socheacnamaíocha agus na himpleachtaí eile a bhíonn ag na coigeartuithe ama a dhéantar san Fhómhar agus san Earrach. Ag an gcruinniú sin, rinne na grúpaí seo a leanas ráitis os comhair an Choiste:

- Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (ISME)

- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Níor thug an Coiste aon tuairisc ag an am sin. Bhreithnigh an Coiste socruithe ama samhraidh arís eile sa bhliain 2013/14 i gcomhthéacs Bille Comhaltaí Príobháideacha, ba é sin, an Bille um Thráthnónta Níos Gile.

Beartaíodh sa Bhille go n-athródh Éire a crios ama chun go mbeadh sí ar chomhréim le hAm Lár na hEorpa an bhliain ar fad agus go leanfadh sí leis na cloig a athrú dhá uair in aghaidh na bliana. (Bhreithnigh an Ríocht Aontaithe Bille den chineál céanna sa bhliain 2012.) Bhí dhá phríomhfhóráil ann sa Bhille, ar nithe iad lena gceanglófaí ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais:

- Tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú laistigh de 12 mhí ar na costais agus na tairbhí a bhaineann leis na cloig a chur chun tosaigh uair amháin chun iad a chur ar chomhréim le hAm Lár na hEorpa, ag féachaint do leasanna Thuaisceart Éireann; agus
- Triail trí bliana a dhéanamh ar an socrú sin chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí dearfacha agus diúltacha an athraithe ama.

Tar éis díospóireacht dara céim i mí Iúil 2013, agus le comhaontú ó Tommy Broughan TD, tionscnóir an Bhille, tarchuireadh an Bille chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas chun scrúdú a dhéanamh ar an ní. D'iarr an Coiste aighneachtaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do na saincheisteanna a tarraingíodh anuas i gcéim na díospóireachta. Fuair sé 22 aighneacht i scríbhinn. Den 22 aighneacht a fuarthas, ba ó dhaoine aonair a tháinig 20 ceann.

Tar éis dó an ní a bhreithniú, chuir an Coiste na moltaí uaidh in iúl don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí na Nollag 2014:-

“Molann an Coiste, ar bhonn na n-aighneachtaí a fuarthas, go gcoinneodh an tAire aon tionscnamh atá beartaithe ar an ní seo faoi athbhreithniú agus go leanfadh sí le haon tairbhí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis a bhreithniú. Molann an Coiste freisin go gcomhordófaí an breithniú ar aon triail mar chomhfhiontar leis an Ríocht Aontaithe, i gcás go mbreithneodh sí triail den chineál céanna.”

Chuir an Coiste ábhar imní in iúl maidir leis an tionchar a bheadh ag na maidineacha níos dorcha ar leanaí scoile, ar chomaitéirí agus ar ghnólachtaí. Thagair sé don chóras atá i bhfeidhm i Meiriceá, rud lena bhforáiltear d'Am Coigilte Sholas an Lae a úsáid ar feadh tréimhse níos faide den bhliain, agus d'áitigh sé go bhféadfaí an córas sin a chur san áireamh in aon athbhreithniú amach anseo ar an reachtaíocht ón Aontas.

Mar fhreagra ar cheisteanna a fuarthas ina dhiaidh sin, dúirt an tAire, “Tar éis di an tuarascáil a bhreithniú agus na moltaí atá inti a thabhairt dá haire, leanann an Roinn seo leis an ní a choinneáil faoi athbhreithniú, lena n-áirítear an cheist maidir le triail a dhéanamh i gcomhar leis an Ríocht Aontaithe. Níl sé beartaithe agam an ní sin a shaothrú faoi láthair, áfach, go háirithe i bhfianaise an chinnidh ón Ríocht Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach.”

Cuid 2 - Cúlra an togra reatha ón Aontas

An rún ón bParlaimint

An 8 Feabhra 2018, thacaigh Parlaimint an Aontais le rún (Aguisín B) lenar iarradh go ndéanfaí scrúdú ar dheireadh a chur le ham coigilte sholas an lae (am samhraidh).

Tharchuir Parlaimint an Aontais an ní chuig Coimisiún an Aontais chun breithniú a dhéanamh ar scor den chleachtas, go príomha mar gheall ar an tionchar diúltach a imríonn na socrúithe reatha ar an tsláinte. Cé gur luadh sa rún sin gur theip ar staidéir eolaíocha éagsúla, lenar áiríodh an staidéar a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2017, teacht ar thoradh conclúideach ar an ní, luadh ann freisin gur tugadh le fios sna staidéir sin gurb ann d'éifeachtaí diúltacha ar shláinte an duine. Luadh ann freisin na hábhair imní a tharraing saoránaigh anuas faoi na hathruithe leathbhliantúla cloig.

Admhaítear sa staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa go bhfuil na conclúidí uaidh maidir le himpleachtaí earnála bunaithe go mór ar an tuarascáil a d'ullmhaigh TAB¹ do Bundestag na Gearmáine i mí Feabhra 2016, rud atá ar an staidéar is cuimsithí a rinneadh riamh ar an topaic. Ba é seo conclúid na tuarascála

'Tríd is tríd, is féidir teacht ar an gconclúid gur teoranta agus measartha ilroinnte go fóill atá an bonn fianaise eolaíche agus an t-eolas eolaíoch atá ar fáil ar na himpleachtaí a bhíonn ag Am Coigilte Sholas an Lae. Ina ainneoin sin, ní thugtar le fios ar aon bhealach sna foinsí sin go mbeadh mórimplachtaí dearfacha nó diúltacha aige ar úsáid fuinnimh, ar an ngeilleagar nó ar an tsláinte. Maidir le cé acu a dhéanfar socrúithe reatha Am Coigilte Sholas an Lae a chothabháil, a leasú nó a thréigean, is amhlaidh, go ceann i bhfad, go mbeidh an cheist sin ina hábhar do dhíospóireachtaí polaitiúla agus poiblí nach mbeifear in ann brath ar fhíricí eolaíocha iontu ach go pointe an-teoranta.' (aistriúchán ar an achoimre Béarla, lch 4)

Maidir leis an tionchar ar an tsláinte, rinne na taighdeoirí de chuid an Bundestag athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht eolaíoch a foilsíodh le déanaí sna réimsí seo a leanas: patrúin chodlata; an rithim laethúil; an baol taom croí; timpistí san áit oibre; agus éifeachtaí síceolaíocha (e.g. rátaí féinmharaithe, sásamh leis an saol). Dar leis an tuarascáil ó TAB, tugtar le fios sna fionnachtana eolaíocha nua nach n-oiriúnaíonn rithim bhitheolaíoch an duine don athrú cloig san Earrach chomh maith agus a ceapadh ar dtús. Contrártha le toimhdí roimhe sin, ar dá réir nach maireann an tréimhse trasdula ach cúpla lá, tugtar le fios i dtaighde nua go dtógann sé cúpla seachtain ar dhaoine a bhfuil nósanna codlata áirithe acu oiriúint don athrú agus gur cosúil nach n-oiriúnaíonn daoine áirithe don athrú ar chor ar bith. Ní thagann an oiread céanna fadhbanna chun cinn nuair a athraítear na cloig ar ais san Fhómhar. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil ó TAB nach 'soiléir go fóill atá an tionchar ábhartha a imríonn an cur isteach ar an rithim bhitheolaíoch de bharr an

¹ An Oifig um Measúnú Teicneolaíochta ag Bundestag na Gearmáine (TAB), ar institiúid eolaíochta neamhspleách í a thugann comhairle do Bundestag na Gearmáine agus dá chuid coistí ar cheisteanna a bhaineann le hathrú eolaíoch agus teicneolaíoch

athraithe ama ar shláinte an duine' agus moltar inti go ndéanfaí tuilleadh taighde domhain ar phróiseas an oiriúnaithe don athrú ama.

An scrúdú ón gCoimisiún

Mar fhreagairt don rún ó Pharlaimint na hEorpa, ghabh an Coimisiún air féin measúnú a dhéanamh ar an dá rogha bheartais atá ar fáil chun córas comhchuibhithe a chinntiú:

1. **Socrúithe reatha ama samhraidh an Aontais a choinneáil**, mar a leagtar amach i dTreoir 2000/84/CE, nó
2. **Scor de na hathruithe leathbhliantúla reatha ama a dhéanamh sna Ballstáit uile** agus athruithe tréimhsiúla a thoirmeasc; ní dhéanfaidh sé sin aon difear don rogha criosanna ama agus, ar deireadh, is faoin mBallstát aonair go fóill a bheadh sé am samhraidh buan nó am geimhridh buan (nó am eile ar fad) a roghnú.

Comhairliúchán

Thionscain an Coimisiún comhairliúchán poiblí i mí Iúil 2018 chun na tuairimí ó shaoránaigh, ó gheallsealbhóirí agus ó na Ballstáit a bhailiú. Ag seoladh an chomhairliúcháin dó, labhair Coimisiún an Aontais faoin aiseolas a fuarthas cheana féin ó shaoránaigh agus ó na Ballstáit. Dar le saoránaigh, is leis an easpa codlata agus le cineálacha eile iarmhairtí diúltacha a bhaineann an tionchar a bhíonn ag an athrú suaiteach ama ar an tsláinte. Iarrann saoránaigh eile, áfach, go gcoinneofaí an córas reatha ar bun toisc go gcreideann siad go ngabhann éifeachtaí dearfacha leis. D'iarr Ballstáit áirithe ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras. Go sonrach, d'iarr an Fhionlainn go dtréigfí an t-athrú leathbhliantúil ama agus d'iarr an Liotuáin go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcóras reatha chun aird a thabhairt ar dhifríochtaí réigiúnacha agus geografacha.

Ghlac an Coimisiún leis go “(d)tugtar le fios san fhianaise atá ar fáil gur gá rialacha coiteanna a bheith ann sa réimse seo ar mhaithe le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa leis an dearcadh sin agus luaigh sí sa rún uathí gur gá córas aontaithe ama a chothabháil san Aontas”.

Bhí comhairliúchán an Aontais ar siúl ón 4 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2018. Fuair an próiseas comhairliúcháin 4.6 milliún freagra, rud is comhionann le 0.9% de dhaonra an Aontais (bunaithe ar fhigiúirí daonra ó Eurostat).

Tuarascáil

D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil ar thorthaí an phróisis chomhairliúcháin an 12 Meán Fómhair 2018. Déantar tagairt sa tuarascáil sin do roinnt staidéar a seoladh thar na blianta ar am samhraidh agus do thuarascálacha a ullmhaíodh don Choimisiún. Ní rabhthas in ann teacht ar thoradh conclúideach ar an ní in aon cheann de na staidéir nó na tuarascálacha sin, áfach.

Leagtar amach go mion sa tuarascáil na freagraí a fuarthas ar an gcleachtadh comhairliúcháin. Ba ó shaoránaigh a tháinig 99% de na freagraí a fuarthas. Bhí 84% de na freagraí i bhfabhar scor d'athruithe leathbhliantúla cloig agus bhí 16% díobh i bhfabhar iad a choinneáil. Ba sa Ghearmáin (70%), sa Fhrainc (8.6%) agus san Ostair (6%) a bhí na trí ráta freagartha is airde. Rud suntasach, thug níos lú ná 1% (0.24%) de dhaonra na hÉireann freagra ar an gcomhairliúchán. Bhí an ráta freagartha sin ag teacht leis an ráta i roinnt Ballstát – an Spáinn, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil agus an Danmhairg ina measc². Tugtar faoi deara go ndearna an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre in Éirinn tuarascáil a bhí ann cheana a chomhroinnt leis an gCoimisiún mar chuid den fhreagra uaidh ar an gcomhairliúchán.

Bunaithe ar thoradh an chomhairliúcháin, chuir an Coimisiún togra le chéile ansin le haghaidh deireadh a chur leis na socrúithe atá ann cheana.

An Togra a cuireadh i láthair

San aitheasc ar Staid an Aontais uaidh an 12 Meán Fómhair, d'fhógair an tUachtarán Juncker go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach deireadh a chur leis an athrú leathbhliantúil ar na cloig sa bhliain 2019. Rinne an Coimisiún an togra uaidh le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena scoirtear d'athruithe séasúracha ama agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/84/CE a fhoilsíú ar an dáta sin. Foilsíodh togra comhréitigh ón Uachtaránacht an 16 Deireadh Fómhair 2018 ansin, rud lenar athraíodh go 2021 an dáta a scoirfí d'athruithe cloig a dhéanamh.

Is é seo a leanas an togra, mar atá leagtha amach faoi láthair

- dhéanfaí an t-athrú éigeantach deireanach go ham samhraidh an 28 Márta 2021,
- ina dhiaidh sin, dhéanfaidh aon Bhallstáit ar mhian leo fanacht ar am geimhridh athrú séasúrach cloig den uair dheireanach an 31 Deireadh Fómhair 2021. Ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún faoin gcinneadh sin faoin 1 Aibreán 2020.
- Beidh an tsaoirse ag na Ballstáit a n-am Caighdeánach a roghnú, ar choinníoll go dtabharfaidh siad fógra 18 mí don Choimisiún faoi sin.

² Bhí ráta freagartha na Ríochta Aontaithe ar an gceann is ísle i measc na 28 mBallstát.

Bunús Dlí

Ós rud é gurb é cuspóir an togra seo feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí dó. Is é sin an bunús dlí do Threoir 2000/84/CE freisin. Ní bheartaítear leis an mbeart, mar atá dréachtaithe, maolú a thabhairt d'aon Bhallstát.

Na tuairimí ó Sheirbhís Dlí na Comhairle

I mí na Samhna 2018, chuir Seirbhís Dlí na Comhairle in iúl go bhfuil Airteagal 114 CFAE ina bhunús dlí cuí don togra. Ag an gcruinniú de chuid na Meithle um Iompar de Thalamh an 4 Aibreán 2019, chomhaontaigh an Uachtaránacht, tar éis iarraidh ar thacaigh roinnt Ballstát léi a fháil, tuairim dhlíthiúil i scríbhinn a lorg ó Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir lena chúil atá sé Airteagal 114 – ar bunús dlí don Mhargadh Inmheánach é – a úsáid mar bhunús do scor den chleachtas leathbhliantúil trína n-athraítear na cloig go ham samhraidh nó go ham geimhridh. Eisíodh an tuairim sin i mí na Mheithimh 2019 agus ba é seo a leanas an chonclúid achomair ar thángthas uirthi:

rogha an chórais nua uaireanta agus an oibleagáid a bheadh ar na Ballstáit an t-am dlíthiúil buan a roghnú, níl údar dóthanach leo i bhfianaise phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, go háirithe toisc nár scrúdaíodh aon réiteach idirmheánach chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

Díospóireacht na mBallstát

Pléadh an togra den chéad uair ag an gcruinniú de chuid na Meithle um Iompar de Thalamh an 13 Meán Fómhair 2018. Dúirt a lán Ballstát, Éire san áireamh, gur ní casta é agus go raibh an tréimhse ama a leagadh síos sa togra ró-uaimhianach, go háirithe toisc go mbeadh gá ann le comhairliúcháin fhairsinge náisiúnta a dhéanamh agus toisc go mbainfeadh an-tábhacht leis an gcur chuige ar dhóigh go nglacadh tíortha comharsanacha é. Tá an togra ón Aontas fós á phlé leis na Ballstáit. San am i láthair, tá siad ag obair ar bhonn an togra athbhreithnithe, a mbeadh éifeacht lena athruithe ó mhí Aibreán 2021 i leith.

Cuireadh an ní ar áireamh lena bhreithniú i dtuarascáil ar dhul chun cinn ar chlár oibre na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh maidir le cumraíocht an iompair an 3 Nollaig 2018. Le linn idirghabhálacha, tharraing na Ballstáit aird ar an ngá a bhí ann le tuilleadh ama a thabhairt le haghaidh comhairliúcháin agus le hanailís níos grinne a dhéanamh ar an tsaincheist. Saincheist thábhachtach eile ar fud na mBallstát ba ea an riachtanas le cur chuige comhchuíbhíthe a ghlacadh.

Tháinig an Uachtaránacht ar an gconclúid gur theastaigh am breise ó na Ballstáit le haghaidh tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh ar bhonn inmheánach agus eatarthu féin sula bhféadfadh an Chomhairle an seasamh uaithe a chomhaontú. Thug an Uachtaránacht an t-eolas is deireanaí ar an

gcomhad ag Comhairle an Iompair an 6 Meitheamh agus is faoi Uachtaránacht na Fionlainne ar an Aontas a bheidh sé plé leis an togra anois.

Tá an comhad faoi ghnáthnós imeachta reachtach (ar ar tugadh nós imeachta comhchinnteoireachta roimhe sin), rud a fhágann go mbeidh an comhaontú ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Chomhairle na nAirí ag teastáil. Tar éis don Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht leasuithe a dhéanamh ar an togra, vótáil Parlaimint na hEorpa i suí iomlánach i bhfabhar an togra ón bParlaimint an 26 Márta. Ní fhéadfar idirbheartaíocht thríthaobhach idir an Parlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle a thosú ach amháin tar éis don Chomhairle an Cur Chuige Ginearálta a chomhaontú. Is le Vótáil Tromlaigh Cháilithe sa Chomhairle agus le Vótáil eile i Suí Iomlánach i bParlaimint na hEorpa a chomhaontófar toradh deiridh na hidirbheartaíochta tríthaobhaí.

Ag formhór na meithleacha, ba láidre an tacaíocht don togra i measc Bhallstáit an tuaiscirt ná i measc na mBallstát eile. Le linn na gcruinnithe sin, thug 14 Bhallstát le fios go bhfuil siad i bhfách leis an togra reatha. Maidir leis na Ballstáit eile, chuir siad in aghaidh an togra nó tá siad ag feitheamh le toradh na gcomhairliúchán náisiúnta, le measúnú tionchair agus/nó leis an tuairim dhlíthiúil ón gComhairle sula ndéanfaidh siad cinneadh ar an ní.

An seasamh ón Ríocht Aontaithe

Chuir an Ríocht Aontaithe in aghaidh an togra le linn díospóireachtaí ag na meithleacha. Bhuaill oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála leis an Roinn um Ghnó, Fuinneamh agus Straitéis Thionsclaíoch sa Ríocht Aontaithe an 22 Samhain 2018 chun an togra a phlé. Is iad seo a leanas na saincheistanna is tábhachtaí don Roinn um Ghnó, Fuinneamh agus Straitéis Thionsclaíoch:

- Níor thángthas ar chomhdhearcadh ar an ní ar fud na Ríochta Aontaithe tar éis an tsaincheist a bhreithniú den uair is déanaí sa bhliain 2015; chuir an Rialtas togra ar aghaidh le haghaidh bogadh go hAm Lár na hEorpa, ach tréigeadh é tar éis d'Albain agus do thuaisceart Shasana cur ina aghaidh toisc nach bhfeicfí solas an lae i limistéir áirithe díobh go 10am le linn an gheimhridh; agus
- idirnascaire leictreachais na Ríochta Aontaithe agus na Fraince agus an tionchar a bheadh ann ar an soláthar agus ar an bpraghsáil.

Tugtar faoi deara gur tharla sé, an 22 Deireadh Fómhair 2018, gur fhoilsigh Teach na dTiarnaí sa Ríocht Aontaithe tuairim réasúnaithe lenar cuireadh in aghaidh an togra ón Aontas le haghaidh scor d'athruithe séasúracha cloig.

Cé gur aithníodh sa tuairim réasúnaithe go dtéann comhchuibhiú athruithe séasúracha ama na mBallstát chun tairbhe d'fheidhmiú cúí mhargadh inmheánach an Aontais, dúradh inti ansin nár chreid an Teach gur thug an Coimisiún míniú nó údar leordhóthanach leis an ngá atá ann leis an idirghabháil sin ón Aontas. Thángthas ar an gconclúid inti nach bhfuil an Treoir atá beartaithe ón gCoimisiún lena gcuirtear deireadh le hathruithe séasúracha ama ag teacht le prionsabal na coimhdeachta.

Is amhlaidh go mbeidh nó nach mbeidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag an togra, ag brath ar uainiú an imeachta ón Aontas.

An seasamh ó Thuaisceart Éireann

Rinneadh teagmháil le hOifig Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann, áit a bhfuil an breithniú ar an togra á chomhordú. Níor cuireadh aon seasamh oifigiúil ar bhonn foirmiúil go fóill.

Saincheist a tháinig chun cinn, áfach, is ea go bhforchoimeádtar do Westminster scálaí ama, criosanna ama agus ábhar an Summer Time Act 1972 de réir mar a bhaineann siad le hAlbain agus leis an mBreatain Bheag agus nach bhfuil aon fhoráil den sórt sin i bhfeidhm do Thuaisceart Éireann. Mar sin féin, foráiltear leis an Acht um Thuaisceart Éireann, 1998, gur ní eiscthe iad oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus gur ionstraim aonair a bhfuil feidhm aici maidir leis an mBreatain Mhór agus le Tuaisceart Éireann é an Summer Time Order 2002, lenar leagadh síos an dáta agus an t-am le haghaidh athruithe séasúracha cloig agus lenar leasaíodh an Summer Time Act 1972.

Imreoidh an fhíric go bhfuil an Ríocht Aontaithe le tarraingt siar ón Aontas tionchar ar aon seasamh a ghlacfar agus ní gá go mbeidh sí faoi cheangal ag aon bheart nua a ghlacfar tar éis a tarraingthe siar agus na hidirthrémhse ar dóigh di a bheith ann. Más rud é go leanfaidh an Ríocht Aontaithe leis na cloig a athrú dhá uair in aghaidh na bliana agus go scoirfidh Éire den chleachtas, tá seans ann go mbeidh an dá dhlínse ar na hoileáin seo ar chriosanna ama difriúla ar feadh suas le seacht mí gach bliain.

Cuid 3 - Obair an ghrúpa Idir-rannaigh agus an cleachtadh comhairliúcháin poiblí

Chun tuairim an phobail, tuairim an tionscail agus tuairim grúpaí geallsealbhóirí eile ar oileán na hÉireann a thomhas agus chun breithniú a dhéanamh ar aon impleachtaí eile nó aon impleachtaí gan choinne a bheadh ag an togra, réachtáladh suirbhé ar líne, iarradh aighneachtaí ó gheallsealbhóirí agus coimisiúnaíodh pobalbhreith. Cé go bhfuarthas amach sna cleachtaí uile go bhfuil formhór na ndaoine i bhfabhar scor den athrú cloig, maolaítear an seasamh sin nuair a chuirtear na himpleachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn san áireamh. Go háirithe, fuarthas amach gurbh fhearr le formhór na ndaoine dhá chrios ama dhifriúla a sheachaint ar oileán na hÉireann.

Bhí sé sin soiléir san ollsuirbhé a sheol Amárach Research i mí na Nollag, rud inar fhreagair 1000 duine ceisteanna ar an athrú ama. Cé go léirítear sna torthaí go bhfuil formhór na ndaoine i bhfách le deireadh a chur leis an athrú cloig a dhéantar dhá uair in aghaidh na bliana, léirítear iontu freisin nach mbeadh 82% de na freagraithe i bhfabhar aon bhirt ar dá bharr a chruthófaí crios ama difriúil idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Den chuid is mó, bhí daoine ar fud na raonta déimeagrafaice uile ar aon intinn ina leith sin.

Comhairliúchán poiblí na hÉireann

Sheol an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhairliúchán poiblí Dé hAoine an 26 Deireadh Fómhair 2018. Tháinig an comhairliúchán chun deiridh Dé hAoine an 30 Samhain 2018. Ba é a bhí i gceist leis an gcleachtadh comhairliúcháin ná suirbhé poiblí a réachtáil agus aighneachtaí ginearálta a iarraidh ó dhaoine aonair agus ó gheallsealbhóirí. Ag seoladh an chomhairliúcháin poiblí di, leag an Roinn amach an tionchar a measadh go mbeadh ag gach rogha ama ach uaireanta reatha sholas an lae sa samhradh agus sa gheimhreadh a chur i gcomparáid lena chéile.

I gcás na hÉireann, thioctadh na torthaí seo a leanas as an dá rogha:

Dá roghnóimis **am samhraidh** a ghlacadh ar fud na bliana ar fad, thioctadh solas an lae uair amháin an chloig níos déanaí ar maidin sa gheimhreadh ná a tharlaíonn faoi láthair agus bheadh sé geal níos déanaí sa tráthnóna, e.g. ar an lá is giorra den bhliain, bheadh sé geal ó thart ar 9.40am go teacht na hoíche ag thart ar 5.10pm.

Dá bhfanfaimis ar **am geimhridh**, thioctadh solas an lae uair amháin an chloig níos luaithe sa samhradh ná a tharlaíonn faoi láthair agus bheadh sé dorcha uair amháin an chloig níos luaithe sa tráthnóna, e.g. ar an lá is faide den bhliain, bheadh sé geal ó thart ar 4am go teacht na hoíche ag thart ar 9pm.

Tábla 2: Am éirí na gréine agus am luí na gréine i gcathair Bhaile Átha Cliath ar cheithre dháta ar fud na bliana faoin gcóras reatha ina gcuirtear na cloig siar agus ar aghaidh

Socruithe reatha			
	Éirí na gréine	Luí na gréine	Fad an lae
20 Márta	6:26	18:39	12:13
20 Meitheamh	4:56	21:56	17:00
20 Meán Fómhair	7:07	19:27	12:20
20 Nollaig	8:37	16:07	7:30

Tábla 3: Am éirí na gréine agus am luí na gréine i gcathair Bhaile Átha Cliath ar na dátaí céanna dá bhfanfaimis ar “am geimhridh” seasta nó ar “am samhraidh” seasta

	“Am geimhridh” seasta		“Am samhraidh” seasta		Fad an lae
	Éirí na gréine	Luí na gréine	Éirí na gréine	Luí na gréine	
20 Márta	6:26	18:39	7:26	19:39	12:13
20 Meitheamh	3:56	20:56	4:56	21:56	17:00
20 Meán Fómhair	6:07	18:27	07:07	19:27	12:20
20 Nollaig	8:37	16:07	9:37	17:07	7:30

Foinse: NOAA

<https://www.esrl.noaa.gov/gmd/grad/solcalc/sunrise.html>

Pobalbhreith

Mar aon leis an suirbhé, choimisiúnaigh an Roinn roinnt ceisteanna ar an ollsuirbhé a sheol Amárach Research i mí na Nollag. Díriodh sa suirbhé sin ar 1000 freagraí agus cloíodh le cuótaí ó thaobh inscne, aoise, aicme sóisialta agus réigiúin de chun sampla a bheadh ar chomhréim leis an daonra náisiúnta a bhaint amach. Léirítear sna torthaí go bhfuil formhór na bhfreagraithe (66%) i bhfách le deireadh a chur leis an athrú cloig a dhéantar dhá uair in aghaidh na bliana agus go bhfuil tacaíocht


leathan ann ar fud na raonta déimeagrafaice uile. B'fhearr le 77% de na freagraithe cloí le ham samhraidh agus bhí daoine ar fud na raonta déimeagrafaice uile ar aon intinn, tríd is tríd, ina leith sin. Léirítear i dtorthaí na pobalbhreithe freisin nach mbeadh 82% de na freagraithe i bhfabhar aon bhirt ar dá bharr a chruthófaí crios ama difriúil idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Mar an gcéanna, bhí daoine ar fud na raonta déimeagrafaice uile ar aon intinn, den chuid is mó, ina leith sin (bhí an figiúr beagáinín níos airde i measc freagraithe idir 45 bliana d'aois agus 54 bliana d'aois agus ina measc sin atá lonnaithe i gCúige Chonnacht/i gCúige Uladh).

Tá beirt as gach triúr i bhfách le deireadh a chur leis an athrú cloig a dhéantar dhá uair in aghaidh na bliana, agus tá tacaíocht leathan ann ar fud na raonta déimeagrafaice uile

(Bonn: Na freagraithe ar fad – 1,000)

Tacaíocht do dheireadh a chur leis an athrú cloig a dhéantar dhá uair in aghaidh na bliana

Níl, b'fhearr liom go gcuirfí na cloig uair amháin ar aghaidh san earrach agus go gcuirfí uair amháin siar iad san fhómhar



Tá, ba mhaith liom an t-aon am amháin a bheith ann fud fad na bliana

	Fir (Bonn: 490)	Mná (Bonn: 510)
Tá	69%	63%

	18-24 bliana d'aois (Bonn: 110)	25-34 bliana d'aois (Bonn: 190)	35-44 bliana d'aois (Bonn: 210)	45-54 bliana d'aois (Bonn: 180)	55 bliana d'aois nó níos sine (Bonn: 310)
Tá	52%	61%	66%	69%	72%


	Baile Átha Cliath (Bonn: 290)	An chuid eile de Laighin (Bonn: 260)	An Mhumhain (Bonn: 270)	Connachta/Ulaidh (Bonn: 180)
Tá	64%	68%	69%	62%

	ABC1F50+ (Bonn: 465)	C2DEF50- (Bonn: 535)
Tá	67%	65%



B'fhearr le níos mó ná triúr as gach ceathrar cloí le hAm Samhraidh in ionad Am Geimhridh agus bhí daoine ar fud na raonta déimeagrafaice uile ar aon intinn, tríd is tríd, ina leith sin

(Bonn: Na freagraíthe ar fad – 1,000)




Am Samhraidh nó Am Geimhridh?

	Fir (Bonn: 490)	Mná (Bonn: 510)			
Am Samhraidh	80%	73%			
	18-24 bliana d'aois (Bonn: 110)	25-34 bliana d'aois (Bonn: 190)	35-44 bliana d'aois (Bonn: 210)	45-54 bliana d'aois (Bonn: 180)	55 bliana d'aois nó níos sine (Bonn: 310)
Am Samhraidh	75%	76%	78%	76%	77%
	Baile Átha Cliath (Bonn: 290)	An chuid eile de Laighin (Bonn: 260)	An Mhumhain (Bonn: 270)	Connachta/Ulaidh (Bonn: 180)	
Am Samhraidh	77%	78%	76%	75%	
	ABC1F50+ (Bonn: 465)	C2DEF50- (Bonn: 535)			
Am Samhraidh	77%	76%			

Ní bheadh níos mó ná ceathrar as gach cúigear i bhfabhar aon bhirt ar dá bharr a chruthófaí crios ama difriúil idir Éire agus Tuaisceart Éireann

(Bonn: Na freagraithe ar fad – 1,000)

An bhfuil sé amhlaidh go mbeifeá i bhfabhar aon bhirt ar dá bharr a chruthófaí crios ama difriúil idir Éire agus Tuaisceart Éireann?



	Fir (Bonn: 490)	Mná (Bonn: 510)
Níl	82%	82%

	18-24 bliana d'aois (Bonn: 110)	25-34 bliana d'aois (Bonn: 190)	35-44 bliana d'aois (Bonn: 210)	45-54 bliana d'aois (Bonn: 180)	55 bliana d'aois nó níos sine (Bonn: 310)
Níl	72%	70%	80%	91%	89%

	Baile Átha Cliath (Bonn: 290)	An chuid eile de Laighin (Bonn: 260)	An Mhumhain (Bonn: 270)	Connachta/Ulaidh (Bonn: 180)
Níl	76%	80%	84%	91%


	ABC1F50+ (Bonn: 465)	C2DEF50- (Bonn: 535)
Níl	80%	84%

Suirbhé Poiblí

I suirbhé poiblí, cuireadh na ceisteanna seo a leanas


1. Má tá tú ag tabhairt freagra thar ceann eagraíochta, tabhair d'ainm agus ainm na heagraíochta (chun críocha fíorúcháin).
2. An bhfuil sé amhlaidh gur mhaith leat stopadh ag athrú na gclog dhá uair in aghaidh na bliana?
3. Má chuirtear deireadh leis na cloig a athrú, arbh fhearr leat fanacht ar am samhraidh nó ar am geimhridh?
4. Cad a shílfeá dá dtiocfadh criosanna ama difriúla idir Éire agus Tuaisceart Éireann chun cinn as an togra seo?

Fuarthas 16,198 bhfreagra aonair san iomlán ar an suirbhé³.




³ Leagadh amach sa chomhairliúchán na nithe atá i gceist leis na roghanna éagsúla atá á mbreithniú. Is coincheap casta é, áfach. Sa dioscúrsa coiteann, pléitear na coincheapa a bhaineann le hathruithe séasúracha cloig ar bhealach scoite, agus ní ar bhealach cruinn i ngach cás. Gabhann riosca leis sin nuair a bhíonn torthaí an tsuirbhé á léirmhíniú.

Má chuirtear deireadh leis na cloig a athrú, arbh fhearr leat fanacht ar am samhraidh nó ar am geimhridh?



Mar achomre, thug 81% de na freagraithe le fios go raibh siad i bhfabhar deireadh a chur le hathruithe séasúracha cloig agus b'fhearr le 84% díobh am samhraidh ná am geimhridh.

Cad a shílfeá dá dtiocfadh criosanna ama difriúla idir Éire agus Tuaisceart Éireann chun cinn as an togra seo?




Sa suirbhé, fiafraíodh de dhaoine cad a shílfidís dá dtiocfadh criosanna ama difriúla idir Éire agus Tuaisceart Éireann chun cinn as an togra. Úsáideadh réimse saorthéacs don cheist. Dá bhrí sin, is táscach atá na rátaí freagartha a léirítear sa ghraf.

Na haighneachtaí a fuarthas


Mar aon le cuireadh a thabhairt don phobal freagra a thabhairt ar an suirbhé agus aighneachtaí a sholáthar don Roinn, tugadh cuireadh do 401 gheallsealbhóir san iomlán aighneachtaí a dhéanamh. Bhí an cuireadh sin bunaithe ar na grúpaí geallsealbhóirí tábhachtacha ar shainaithin gach Roinn iad dá n-earnálacha faoi seach.

Tá achoimre ar na freagraí uile a fuarthas ar áireamh in Aguisín C. Áirítear leo 114 aighneacht a fuarthas ó dhaoine aonair (in ionad freagra a thabhairt ar an suirbhé) agus 56 fhreagra a fuarthas ó gheallsealbhóirí. Cé nár cuireadh ceisteanna sonracha ar na geallsealbhóirí, bhí a gcuid aighneachtaí struchtúrtha ar bhealach a bhí cosúil le leagan amach an tsuirbhé.

De na geallsealbhóirí a thug tuairimí, thug 38% le fios go raibh siad i bhfabhar deireadh a chur le hathruithe séasúracha cloig agus thug 21% le fios gurbh fhearr leo an córas reatha a chothabháil. I gcás 36% díobh, bhí siad neodrach maidir leis an toradh nó níor chuir siad aon tuairim in iúl. Bhí 5% de na freagraí neamhshoiléir.




Arbh fhearr leat fanacht ar am samhraidh nó ar am geimhridh?



Níor chuir ach 46% de na geallsealbhóirí rogha in iúl maidir le cé acu ab fhearr nó nárbh fhearr leo am samhraidh nó am geimhridh. Dúirt a bhformhór gurbh fhearr leo am samhraidh. Ní dhearna 54% de na geallsealbhóirí aon trácht maidir leis an rogha arbh fhearr leo, áfach.

I 39% de na freagraí a fuarthas, thug geallsealbhóirí le fios gurbh fhearr leo fanacht ar an gcrios ama céanna le Tuaisceart Éireann. Ní dhearna 52% díobh aon trácht ar an ngné sin.

Cad é do thuairim ar an bhféidearthacht go mbeadh am difriúil ann i dTuaisceart Éireann?



Fuarthas aighneachtaí (a bhfuil achoimre déanta orthu in Aguisín D) ó ghrúpaí agus comhlachtaí sna hearnálacha seo a leanas: Spórt agus Gníomhaíocht Fóillíochta; Iompar; Sláinte; Oideachas; agus Talmhaíocht.

Na tuairimí a fuarthas ar an togra

Trácht sonrach ar cheist Thuaisceart Éireann

I gcás na ngeallsealbhóirí sin a rinne trácht ar an tionchar a bheadh orthu dá mbeadh crios ama difriúil ann i dTuaisceart Éireann, ba leis an trádáil trasteorann, le soláthar fuinnimh/fóntais trasteorann agus leis an oideachas trasteorann a bhain na freagraí uathu go príomha. Fuarthas ceithre aighneacht ó gheallsealbhóirí i dTuaisceart Éireann. Leagadh béim sna haighneachtaí sin ar na deacrachtaí a bheadh ann do dhaoine a chónaíonn gar don teorainn nó a bhíonn ag tabhairt faoin oideachas, ag gabháil do ghníomhaíochtaí pobail nó ag déanamh gnó trasna na teorann.

Ós rud é gur úsáideadh réimse saorthéacs, ní rabhthas in ann teacht ar fhreagra inchainníochtaithe le linn na freagraí maidir le crios ama difriúil a bheith ann i dTuaisceart Éireann a léirmhíniú. Níor cuireadh aon tuairim shonrach in iúl ina leith sin i thart ar 60% de na haighneachtaí. I gcodarsnacht leis sin, ba é an toradh a bhí ar an bpobalbhreith a coimisiúnaíodh, inar cuireadh ceist dhíreach faoin tsaincheist sin, gur thug 82% de na freagraithe le fios nach mbeadh siad i bhfabhar aon bhirt ar dá bharr a chruthófaí crios ama difriúil idir Éire agus Tuaisceart Éireann.

Tá na tuairimí earnála a fuarthas uathu sin a rinne aighneachtaí leagtha amach thíos.

Na hearnálacha Iompair agus Turasóireachta

Fuarthas comhpháipéar seasaimh tionscail ó Aerlínte don Eoraip (A4E), ón gCumann Aerlínte um Réigiúin na hEorpa (ERA) agus ón gCumann Idirnáisiúnta Aeriompair (IATA) roimh sheoladh an chleachtaidh chomhairliúcháin phoiblí. Leagadh amach ann go bhfuil imní ar na comhlachtaí sin agus ar a gcomhaltaí faoi seach faoin togra le haghaidh deireadh a chur leis an gcleachtas reatha trína n-athraítear ó am geimhridh go ham samhraidh agus faoi amlíne an togra toisc go mbeadh tionchar suntasach acu ar an tionscal eitlíochta agus ar thomhaltóirí ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal domhanda araon. Mhol na comhlachtaí do na Ballstáit agus do Pharlaimint na hEorpa breithniú a dhéanamh, agus seasamh á ghlacadh acu ar an ní, ar na frithiarmhairtí suntasacha agus an cur isteach suntasach a chruthófaí do naisc phaisinéirí agus lasta. Dhírigh siad go háirithe ar na nithe seo a leanas

- A chasta a bheadh sé na sceidil aerlíne uile san Eoraip a athbhreithniú
- An cur isteach ar nascacht idirnáisiúnta
- Srianta oibriúcháin lena laghdaítear athruithe sceidil tuilleadh
- An gá a bheadh ann le sioncrónú agus le haga tionscanta fada dá rachfaí ar aghaidh leis an togra

B'fhearr le hAerlínte don Eoraip, leis an gCumann Aerlínte um Réigiúin na hEorpa, leis an gCumann Idirnáisiúnta Aeriompair agus lena gcuid comhaltaí an staid a choinneáil mar atá. Mura bhféadfaí déanamh amhlaidh, b'fhearr leo cloí le ham samhraidh. B'fhearr leo freisin go gcuirfí an togra siar go dtí an bhliain 2021 nó níos déanaí. Chuir comhaltaí aonair agus ionadaithe eile aerthaistil a rinne aighneachtaí faoin gcomhairliúchán an seasamh sin in iúl freisin.

Ó thaobh turasóireachta de, bhí Turasóireacht Éireann agus Cumann Tionscnóirí Turais Isteach na hÉireann i bhfabhar athrú go ham samhraidh ar fud na bliana ar fad, agus aird á tarraingt acu ar na tairbhí a bheadh i gceist le é a bheith níos gile amach sa tráthnóna. Mar eagraíocht a chuireann oileán na hÉireann chun cinn thar lear, áfach, b'fhearr le Turasóireacht Éireann go bhfanfadh Tuaisceart Éireann (agus an Bhreatain Mhór) agus Éire ar an gcrios ama céanna.

An earnáil Sábháilteachta ar Bhóithre

Cé nach ndearna an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aighneacht nua mar chuid de chomhairliúchán na hÉireann, rinne sé tagairt don tuarascáil a chuir sé le chéile sa bhliain 2015 agus a cuireadh faoi bhráid an Aontais i samhradh na bliana 2018. Coimisiúnaíodh an tuarascáil i gcomhthéacs an Bhille um Thráthnóna Níos Gile agus cuireadh in iúl inti nach bhféadfaí teacht ar chonclúidí deiridh ná a rá go mbeadh athrú go hAm Lár na hEorpa níos tairbhiúla dúinn. Tagraíodh inti don fhíric gurb amhlaidh, ar aon dul leis an athrú ar sholas an lae thar an mbliain agus leis na socruithe ama difriúla, go dtabharfaí le fios sna sonraí go mbeadh laghdú ann ar an líon timpistí tráchta a tharlaíonn ar maidin nó sa tráthnóna. Tríd is tríd, áfach, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh an líon timpistí céanna ann.

Maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, rinne an Leas-Phríomhoifigeach Míochaine sa Roinn Sláinte tagairt don alt *Impact of daylight saving time on road traffic collision risk: a systematic review*, rud a raibh mar chuspóir leis scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn am coigilte sholas an lae ar an mbaol imbhuailte. Rinneadh an scrúdú is déanaí ina leith sin sa bhliain 2017⁴. Tháinig na húdair ar an gconclúid nach féidir an fhianaise ón athbhreithniú a úsáid chun tacú leis an maíomh go rachadh athrú buan ar uaireanta sholas an lae ó mhaidin go tráthnóna chun tairbhe do shábháilteacht ar bhóithre agus nach féidir an fhianaise a úsáid chun an maíomh sin a bhréagnú ach oiread.

An earnáil Sláinte

Ar iarratas ón nGrúpa Stiúrtha, rinne an Leas-Phríomhoifigeach Míochaine sa Roinn Sláinte breithniú ar an togra. Rinne sí tagairt do roinnt staidéar idirnáisiúnta ina ndéantar scrúdú ar an ngaol idir Am Coigilte Sholas an Lae agus iarmhairtí sláinte. Áirítear leis na staidéir sin faisnéis faoin riosca cardashoithíoch, faoin meabhairshláinte, faoi thimpistí feithicle agus ceirde agus faoi thosca stíl mhaireachtála. Tharraing an Leas-Phríomhoifigeach Míochaine aird ar pháipéar taighde ó Goodman et al⁵ maidir le gníomhaíocht fhisiciúil i measc leanaí, rud inar tugadh le fios go bhféadfadh socruithe ama samhraidh éifeachtaí dearfacha a ghiniúint ach gníomhaíocht fóillíochta amuigh faoin spéir a mhéadú. Dúirt sí nár cheart neamhaird a thabhairt air sin, go háirithe i bhfianaise ardmhínicíocht an mhurtaill i measc leanaí in Éirinn. Dúirt sí freisin, áfach, gur neamhchonclúideach go fóill atá an fhianaise ar an tionchar foriomlán a bheadh ann ar an tsláinte (i.e. an chomparáid idir na héifeachtaí dearfacha agus na héifeachtaí diúltacha).

Maidir leis an tsláinte chardashoithíoch agus leis an meabhairshláinte, rinne an Leas-Phríomhoifigeach Míochaine tagairt do roinnt páipéar taighde ón bhFionlainn. Thángthas ar an gconclúid sna páipéir sin nach n-imríonn athruithe uair amháin an chloig aon tionchar sonrath ar theagmhais mheabhairshláinte. Cé go n-imríonn siad tionchar éigin ar an riosca cardashoithíoch, tá sé doiligh tionchar an athraithe ama a scaradh ó thosca riosca eile.

In aighneachtaí eile a fuarthas, tugadh aird ar thaighde ón gCumann um Thaighde ar Rithimí Bitheolaíoch (na Stáit Aontaithe) agus ón gCumann Eorpach um Rithimí Bitheolaíoch. Taispeántar sa taighde sin go mbíonn sé níos tábhachtaí solas an lae a bheith againn níos luaithe sa lá ar mhaithe le cloig bhitheolaíoch a shioncrónú agus maítear sa taighde gurb é am geimhridh/am caighdeánach an rogha is fearr don tsláinte phoiblí. Rinneadh tagairt do raon píosáí taighde ina léirítear gur mó na tairbhí sláinte a ghabhann le ham geimhridh ná iad sin a ghabhann le ham samhraidh.

⁴ Carey RN. & Sarma KM. (2017) Impact of daylight saving time on road traffic collision risk: a systematic review. *BMJ Open*, 7, e014319

⁵ Anna Goodman, Angie S Page, Ashley R Cooper agus daoine eile don Bhunachar Sonraí Idirnáisiúnta um Méadracht Luasghéaraithe Leanáí (ICAD)

Cumann Altraí agus Cnáimhseach na hÉireann (INMO)

I gcodarsnacht leis sin, luaigh Cumann Altraí agus Cnáimhseach na hÉireann gur sealobrithe iad 15% de na hoibrithe in Éirinn agus go ndéanann athruithe ama difear ar leith dóibh. B'fhearr leis an gCumann go gcloífí le ham samhraidh ar fud na bliana ar fad toisc go gcabhródh sé sin le daoine agus iad ag críochnú sheal na hoíche ach íoslaghú a dhéanamh ar a nochtadh don solas.

An earnáil Oideachais

Rinne roinnt freagrachtaí tagairt don éagsúlacht ama a bheadh ann ar fud na tíre dá roghnófaí am samhraidh buan. Labhair siad faoin tionchar a bheadh ag na maidineacha níos dorcha ar leanaí bunscoile sa gheimhreadh (ar lena linn a thiocfadh éirí na gréine tar éis 9am) agus faoin éagsúlacht a bheadh ann ar fud contaetha difriúla. Tugadh faoi deara go mbeadh 75 lá den sórt sin ag dhá scoil i Loch Garman, go mbeadh 99 lá den sórt sin ag dhá scoil i mBéal an Mhuirthead agus go mbeadh 80 maidin dhorcha ag 329 scoil i mBaile Átha Cliath.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur aithin rannpháirtithe aonair eile an toradh sin agus gur mhol siad go n-athrófaí amanna scoile chun é a chomhrac.

An earnáil Trádála

Bhí Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) den tuairim gur gá córas comhchuibhithe a bheith ann chun na teoracha comhleantacha lenar cruthaíodh an comhchuibhiú atá ann faoi láthair a bhaint amach. Labhair sí freisin faoi na fadhbanna a thiocfadh chun cinn dá mbeadh dhá chrios ama dhifriúla ann ar oileán na hÉireann. Chuir Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) inní in iúl freisin faoin tionchar a bheadh ann mura mbeimis ar an gcrios ama céanna lenár bpríomh-chomhpháirtithe trádála.

An earnáil Talmhaíochta

Fuarthas freagra measctha ón earnáil talmhaíochta agus bhí na tuairimí ag teacht leis na roghanna uile atá ann: tacú leis an togra; cur in aghaidh an togra; bheith neodrach faoin togra; agus feitheamh le tuilleadh staidéir i leith an togra. Dá ndéanfaí aon athrú, b'fhearr leis an earnáil cloí le ham samhraidh. Mar gheall ar an idirspheáchas idir an dá dhlínse, tarraingíodh ábhair inní anuas faoin bhféidearthacht go mbeadh crios ama difriúil ann i dTuaisceart Éireann. Mar an gcéanna, measadh go bhféadfadh aon éagsúlacht ó thaobh criosanna ama de ar fud an Aontais bac a chur ar an trádáil. Dúirt Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann gurb amhlaidh, sula bhféadfaí athrú chomh bunúsach sin a dhéanamh, gur ghá meastóireacht chuí a dhéanamh ar na tairbhí comparáideacha a bhaineann leis na socruithe reatha agus le ham samhraidh seasta nó le ham geimhridh seasta de réir mar a bhaineann siad leis na nithe seo a leanas: an trádáil san Aontas; sábháilteacht ar bhóithre; an tsláinte phoiblí; an comhshaol; agus astaíochtaí carbóin.

An earnáil Fuinnimh

Cé go raibh Bord Soláthair an Leictreachais agus Líonraí Gáis Éireann araon neodrach maidir le scor den athrú cloig, chuir siad in iúl gurbh fhearr leo fanacht ar an gcrios ama céanna le Tuisceart Éireann mar gheall ar an tionchar a bheadh ann ar an soláthar sa líonra trasteorann.

Earnálacha eile

I roinnt aighneachtaí eile, amhail iad sin i réimse an Spóirt agus an Áineasa, bhí na freagraithe i bhfách leis an status quo a choinneáil. Dá nglacfaí an togra, áfach, b'fhearr leo am samhraidh ná am geimhridh ionas go bhféadfaí leanúint le gníomhaíochtaí sóisialta a dhéanamh sa tráthnóna thar an samhradh agus thar an ngeimhreadh. Labhair rannpháirtithe freisin faoi na tairbhí a bhainfeadh leanaí as rochtain mhéadaithe a bheith acu ar ghníomhaíochtaí spóirt tar éis na scoile, go háirithe i gcomhthéacs na n-ábhar imní a bhíonn ag dul i méid faoin murtall i measc leanaí.

Na seasaimh ó na Ranna

Roinn	Seasamh
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	Cé go bhféadfadh go mbeadh fiúntas ag baint leis an togra é féin, ní féidir tacú leis toisc go bhféadfaí dhá chrios ama dhifriúla a chruthú ar oileán na hÉireann dá bharr. I bhfianaise na héiginnteachta atá ann faoi láthair maidir leis an mBreatimeacht, ní hé seo an t-am ceart chun athrú den sórt sin a bhreithniú. Ar an gcúis sin, níl an Roinn i bhfách leis an togra ag an am seo agus molann sí nach ndéanfaí breithniú air go dtí go bhfuil an idirbheartaíocht ar an mBreatimeacht thart. Thabharfadh sé sin deis do na Ballstáit freisin taighde níos fearr a dhéanamh ar na cineálacha tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann agus chuirfeadh sé ar chumas an Choimisiúin smaoineamh faoin togra uaidh a athbhreithniú ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní faoin bhféidearthacht go gcruthófaí éagsúlacht criosanna ama ar fud an Aontais agus, dá bharr sin, go gcuirfí isteach ar an trádáil.
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta	Agus aird á tabhairt aici ar an gcomhairliúchán le geallsealbhóirí, ní dóigh leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta faoi láthair go bhfuil aon bhuntáistí ar leith ag baint le deireadh a chur le hathruithe séasúracha cloig. Mar gheall ar an éiginnteacht atá ann maidir leis an mBreatimeacht go fóill, ní hé seo an t-am is fearr chun cinneadh a dhéanamh ar athrú den sórt sin ach oiread. Ba chun aimhleasa an gheilleagair uile-oileáin a bheadh aon toradh a d'fhéadfadh criosanna ama difriúla a chruthú ar oileán na hÉireann. Chruthódh sé sin dúshlán don ghluaiseacht earraí agus daoine agus chuirfeadh sé isteach ar fheidhmiú an mhargaidh shaothair ar oileán na hÉireann agus ar na mílte oibrí a thrasnaíonn an teorainn agus iad ag taisteal chun na hoibre. Ní mheasann an Roinn, ag an am seo, gur cheart d'Éirinn tacú leis an togra le haghaidh na socruithe reatha a athrú.
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	Comhaontaíonn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil leis na conclúidí agus na moltaí atá sa tuarascáil. Rud tábhachtach ó thaobh na Roinne de is ea gur chuir Bord Soláthair an Leictreachais agus Líonraí Gáis Éireann araon in iúl gurbh fhearr leo fanacht ar an gcrios ama céanna le

	<p>Tuaisceart Éireann mar gheall ar an tionchar a bheadh ann ar an soláthar sa líonra trasteorann. Bheadh an Roinn i bhfách go hiomlán leis an dearcadh sin.</p>
<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna</p>	<p>Dá nglacfaí GMT+1 ar fud na bliana ar fad, d'éireodh an ghrian tar éis 09:00 ar líon an-ard laethanta ar fud na tíre ar fad, go háirithe in iarthar na tíre. Ceann de na príomhábhair imní atá ag an Roinn ina leith sin is ea a shábháilte a bheadh daltaí agus iad ag freastal ar an scoil, go háirithe ar an mbunscoil, sna dálaí sin. I dteannta ábhar imní sábháilteachta, tá imní ann freisin faoi na costais bhreise téimh agus soilsithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn do scoileanna de bharr na maidineacha níos dorcha. Tá imní ann chomh maith faoin tionchar a bheadh ag an tomhaltas fuinnimh breise sin ar an aeráid. Is dóigh go mbeadh impleachtaí costais ann do scoileanna freisin i leith soilsíú seachtrach dóthanach a sholáthar agus i leith bearta sábháilteachta eile a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, bíonn an teocht níos ísle le linn uaireanta an dorchadais ná le linn uaireanta eile. Bheadh leanaí ag taisteal chun na scoile sa teocht sin agus is dóigh go dtiocfadh méadú ar rátaí asláithreachta as an scoil mar gheall ar an tionchar diúltach a bheadh ag an teocht ar an tsláinte. Chun é sin a mhaolú, dúradh i roinnt aighneachtaí go bhféadfaí amanna scoile a athrú chun iad a oiriúnú d'uaireanta an dorchadais. Ní mheastar gur rogha réasúnach ná inmharthana é sin, áfach, mar gheall ar na himpleachtaí a bheadh aici do na patrúin oibre agus taistil de chuid tuismitheoirí/caomhnóirí, ar patrúin iad ar ghá iad a athrú ionas go bhféadfadh daoine obair timpeall ar na hamanna scoile nua.</p> <p>Cé gur labhraíomar faoi na himpleachtaí sábháilteachta, caipitil agus tomhaltais fuinnimh a bheadh ann, ní cosúil go bhfuil taighde láidir ar fáil ina léirítear na tairbhí atá ag baint le hathrú ón status quo.</p> <p>Cé gurb íseal, i gcomparáid leis an líon foriomlán foghlaimeoirí, atá an líon foghlaimeoirí a bhaineann leas as an oideachas ar an taobh eile den teorainn, thiocfadh aon difríochtaí dealraitheacha idir an dá thaobh den teorainn salach ar an iarracht atá á déanamh i réimse an oideachais i gcomhthéacs an</p>

	<p>Bhreathimeachta, i.e. rudaí a choinneáil mar atá, seachas difríocht a chruthú.</p> <p>Ar na cúiseanna atá leagtha amach thuas, tá an Roinn seo i bhfách leis na socruithe reatha ó thaobh athruithe cloig de a chothabháil. Ag an am seo, ní thacódh sí, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, le haon athrú ar na socruithe reatha.</p>
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	<p>Tá ábhair imní an-tromchúiseach ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála faoin togra seo. Dá gcruthófaí leis an togra dhá chrios ama ar oileán na hÉireann ar feadh aon choda den bhliain, bheadh ábhair imní thromchúiseacha ann faoin tionchar a bheadh ann ar an saol laethúil trasteorann agus ar an ngnó trasteorann agus faoin tionchar a bheadh ann ar an gcaidreamh idir an t-oirthear agus an t-iarthar, i gcás go gcinneadh an Ríocht Aontaithe an t-athrú leathbhliantúil cloig a chothabháil tar éis a tarraingthe siar ón Aontas. Tá imní ann freisin faoin difear a dhéanfaidh sé sin d'fheidmiú rianúil an Mhargaidh Aonair agus faoin ualach riaracháin méadaithe a thioctadh as, go háirithe san earnáil iompair.</p>
An Roinn Sláinte	<p>Is é an seasamh ón Roinn Sláinte nár cheart d'Éirinn ag an am seo tacú le haon togra ar dá bharr a d'fhéadfaí criosanna ama difriúla a chruthú ar oileán na hÉireann. Bheadh tionchar diúltach aige sin ar an soláthar seirbhísí sláinte i réigiún na teorann agus ar shocruithe trasteorann toisc gur thug an Ríocht Aontaithe le fios go bhfuil sé beartaithe aici leanúint le hathruithe séasúracha cloig a dhéanamh.</p> <p>Más rud é go mbeidh tromlach cáilithe i bhfách leis an Treoir, beidh sé riachtanach tuilleadh taighde a dhéanamh ar an gcaidreamh idir Am Coigilte Sholas an Lae agus an tsláinte in Éirinn chun bonn eolais a chur faoin gcinneadh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart d'Éirinn am samhraidh nó am geimhridh a roghnú.</p>
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	<p>Gan fianaise láidir a bheith ann lena dtacaítear leis an status quo a athrú, agus mar gheall ar an riosca a bheadh ann do chomhchuibhiú margaidh ar fud an Aontais agus ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas maidir leis an seasamh ó Thuaisceart Éireann/ón Ríocht Aontaithe, is é an moladh nár cheart d'Éirinn</p>

	<p>ag an am seo tacú le haon togra ar dá bharr a d'fhéadfaí criosanna ama difriúla a chruthú ar oileán na hÉireann.</p>
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	<p>Gan comhdhearcadh a bheith ann agus gan fianaise láidir a bheith ann lena dtacaítear leis an status quo a athrú, agus mar gheall ar an riosca a bheadh ann do chomhchuibhiú margaidh ar fud an Aontais agus ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas maidir leis an seasamh ó Thuaisceart Éireann/ón Ríocht Aontaithe, is é an moladh nár cheart d'Éirinn ag an am seo tacú le haon togra ar dá bharr a d'fhéadfaí criosanna ama difriúla a chruthú ar oileán na hÉireann. Moltar, áfach, go bhféachfaí ar an ní an athuair a luaithe atá comhaontú ann maidir leis an gcaidreamh a bheidh ag an Ríocht Aontaithe leis an Aontas amach anseo.</p>
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	<p>Is iad na hábhair imní is suntasaí atá ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ina leith seo ná (a) an seasamh ó Thuaisceart Éireann/ón Ríocht Aontaithe maidir leis an togra agus (b) an tionchar a bheadh ann ar ár n-earnálacha turasóireachta agus iompair, go háirithe an tionscal eitlíochta.</p> <p>Ceann de na príomhábhair imní atá ag an Roinn is ea an fhéidearthacht go mbeadh criosanna ama difriúla ann ar oileán na hÉireann. Má tharlaíonn sé nach scoirfidh an Ríocht Aontaithe d'athruithe séasúracha ama a dhéanamh, beidh an crios ama i dThuaisceart Éireann uair amháin an chloig roimh an gcrios ama in Éirinn, nó uair amháin an chloig ar a chúl, ar feadh thart ar leathchuid den bhliain. Bheadh impleachtaí praiticiúla agus oibriúcháin aige sin do na hearnálacha iompair agus turasóireachta.</p> <p>Maidir leis an tuarascáil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre dar teideal An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur chun feidhme an Bhille um Thráthnónta Níos Gile ar shábháilteacht ar bhóithre i bPoblacht na hÉireann (2015), rud a comhroinneadh leis an gCoimisiún Eorpach mar chuid den fhreagra ón Údarás ar an gcomhairliúchán poiblí, tugaimid faoi deara nach rabhthas in ann a rá sa tuarascáil go mbeadh an t-athrú go hAm Lár na hEorpa níos tairbhiúla ó thaobh sábháilteacht ar bhóithre de.</p> <p>Maidir leis an eitlíocht, cruthóidh aon imeacht ón status quo cur isteach ar an sceideal eitlíochta, go</p>

	<p>háirithe i dtaca le hathruithe aisioncrónacha ama a cheadú. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí bearta reachtacha riachtanacha i bhfeidhm chun trasdul a cheadú, gan sárú a dhéanamh ar na cuspóirí atá le Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail agus gan an bonn a bhaint ó na cuspóirí sin.</p> <p>Tugaimid faoi deara freisin gur luaigh ár ngeallsealbhóirí san earnáil spóirt a ghlac páirt sa chomhairliúchán poiblí gurbh fhearr leo an status quo a choinneáil. Dá nglacfaí an togra, áfach, b'fhearr leo am samhraidh ná am geimhridh ionas go bhféadfaí leanúint le gníomhaíochtaí spóirt a dhéanamh sa tráthnóna thar an samhradh agus thar an ngeimhreadh.</p> <p>Gan fianaise láidir a bheith ann lena dtacaítear leis an status quo a athrú, is é an seasamh ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gur mó ná aon tairbhí inchainníochtaithe a d'fhéadfadh a bheith ann na rioscaí agus na himpleachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann dár n-earnálacha turasóireachta agus iompair – lena n-áirítear oibriú seirbhísí trasteorann iarnróid, bus agus iompair de bhóthar agus oibriú seirbhísí eitlíochta thoir-thiar – agus na mórábhair inmí faoin seasamh ó Thuaisceart Éireann/ón Ríocht Aontaithe maidir leis an togra. Ag an am seo, nílimid i bhfách leis an togra.</p>
--	---

Cuid 4 – Anailís ar bhuanna an togra

Agus an comhairliúchán dá chuid á sheoladh aige, thagair Coimisiún an Aontais do chúig théama ar leith lena mbreithniú:

TÉAMA	SEASAMH	AN TAIGHDE AR TAGRAÍODH DÓ	COMHAIRLIÚCHÁN NA HÉIREANN
An margadh inmheánach	Níl fianaise chonclúideach ann ach amháin maidir le pointe amháin: go ndéanfaí díobháil don mhargadh inmheánach dá gceadófaí athruithe neamh-chomhordaithe ama idir na Ballstáit toisc go gcruthófaí costais níos airde don trádáil trasteorann, míchaoithiúlachtaí san iompar, sa chumarsáid agus sa taisteal, agus táirgiúlacht níos ísle sa mhargadh inmheánach le haghaidh earraí agus seirbhísí.	Admhaítear sa staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa go dtéann an socrú reatha chun tairbhe don mhargadh inmheánach agus do ghníomhaíochtaí fóillíochta agus go gcruthaíonn sé coigiltí beaga fuinnimh.	<p>Faoi mar atá leagtha amach i gCuid 1, tá an cleachtas um athruithe séasúracha cloig i bhfeidhm ó bhí an bhliain 1916 ann. Tá socruithe difriúla i bhfeidhm ar fud na hEorpa. D’aithin an tAontas an gá atá ann le comhchuibhiú. I dtuarascáil ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, leagtar béim ar an bhfíric gur thóg sé ceithre bliana chun teacht ar chomhaontú ar an gcéad treoir ón gCoimisiún Eorpach maidir le ham samhraidh sa bhliain 1980. Beag beann air sin, ní raibh aon chóras aonfhoirmeach neamhiata i bhfeidhm ar fud an Aontais ach amháin tar éis naoi dtreoir san iomlán a ghlacadh thar thréimhse ama 20 bliain. Leis an treoir reatha (2000/84/CE), a glacadh an 19 Eanáir 2001, fadaíodh na forálacha ar feadh tréimhse éiginnte, agus leas á bhaint as an argóint go mbeadh ‘pleanáil chobhsaí fhadtéarmach’ ag teastáil le haghaidh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.</p> <p>Is é an toradh a bheidh ar aisghairm na reachtaíochta reatha, agus ar aga tionscanta 18 mí chun criosanna ama a athrú, ná nach mbeidh na Ballstáit in ann leanúint le hathruithe séasúracha cloig. Ar an gceann is fearr de,</p>

TÉAMA	SEASAMH	AN TAIGHDE AR TAGRAÍODH DÓ	COMHAIRLIÚCHÁN NA HÉIREANN
			<p>bhainfí comhchuibhiú amach trí chriosanna ama roghnaithe a chomhordú le comharsana agus beidh cinnteacht agus tréimhse fógra ann le haghaidh athruithe sna criosanna ama i mBallstáit eile.</p> <p>Leagadh béim sna freagraí a fuarthas ón earnáil trádála ar cé chomh tábhachtach is atá córas comhchuibhithe.</p>
Fuinneamh	<p>Cé go raibh sé ar cheann de na príomhnithe a bhí taobh thiar de na socruithe reatha, tugtar le fios sa taighde nach bhfuil ach éifeacht bheag ar an iomlán ag am samhraidh ar choigiltí fuinnimh a bhaint amach. Tríd is tríd, bíonn éagsúlacht ann sna torthaí de bharr tosca amhail suíomh geografach.</p>		<p>Chuir BSL agus Líonraí Gáis Éireann araon in iúl gurbh fhearr leo an t-am a choinneáil ar chomhréim le Tuaisceart Éireann chun oibriú fóna an tsoláthair líonra trasteorann a éascú.</p>
Sláinte	<p>Meastar go bhfuil baint ag socruithe ama samhraidh le dea-éifeachtaí toisc go dtugtar faoi níos mó gníomhaíochtaí fóillíochta amuigh faoin spéir. Os a choinne sin, tugtar le fios i bhfionnachtana ó thaighde cronaibhitheolaíoch gur déine ná a measadh roimhe an</p>	<p>Tagraítear don tuarascáil ó TAB (Bundestag) sa tuarascáil ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa freisin. Is é conclúid na tuarascála ó TAB ná gur teoranta agus measartha ilroinnte go fóill atá an bonn fianaise eolaíche agus an t-eolas eolaíoch atá ar fáil ar na himpleachtaí a bhíonn ag Am Coigilte Sholas an Lae. Ina ainneoin sin, ní thugtar le fios ar aon bhealach sna foinsí sin go mbeadh mórimpleachtaí dearfacha nó</p>	<p>Faoi mar atá leagtha amach i gCuid 3, is amhlaidh, bunaithe ar na haighneachtaí a fuarthas, nach bhfuil aon fhianaise chonclúideach ann go bhfuil tionchar ann ar an tsláinte. Tagraítear sna tuairimí ón Leas-Phríomhoifigeach Míochaine freisin don easpa fianaise conclúidí atá ann maidir le sábháilteacht ar bhóithre.</p> <p>Leagadh béim i roinnt freagraí ar an méid a théann am geimhrídh buan chun tairbhe do rithimí bitheolaíocha an duine, cé go gcuireann</p>

TÉAMA	SEASAMH	AN TAIGHDE AR TAGRAÍODH DÓ	COMHAIRLIÚCHÁN NA HÉIREANN
	éifeacht ar rithim bhitheolaíoch an duine. Is neamhchonclúideach go fóill atá an fhianaise ar an tionchar foriomlán a bheadh ann ar an tsláinte (i.e. an chomparáid idir na héifeachtaí dearfacha agus na héifeachtaí diúltacha).	diúltacha aige ar úsáid fuinnimh, ar an ngeilleagar nó ar an tsláinte. Maidir le cé acu a dhéanfar socrúithe reatha Am Coigilte Sholas an Lae a chothabháil, a leasú nó a thréigean, is amhlaidh, go ceann i bhfad, go mbeidh an cheist sin ina hábhar do dhíospóireachtaí polaitiúla agus poiblí nach mbeifear in ann brath ar fhírí eolaíoch iontu ach go pointe anteoranta.	an Leas-Phríomhoifigeach Míochaine in iúl go rachadh am samhraidh ar fud na bliana chun tairbhe do shealoibrithe.
Sábháilteacht ar Bhóithre	Is neamhchonclúideach fós atá an fhianaise ar an mbaint idir socrúithe ama samhraidh agus timpistí tráchta ar bhóithre. I bprionsabal, d'fhéadfadh go méadófaí an riosca go dtarlódh timpistí de dheasca na díthe codlata a thiocfadh as an gclog a chur ar aghaidh san earrach. Ag an am céanna, meastar go bhfuil dea-éifeacht ar shábháilteacht ar bhóithre ag baint le huaireanta fadaíthe solas lae le linn tráthnónta samhraidh. Tríd is tríd, áfach, tá sé doiligh a mheas go díreach cén éifeacht atá ag socrúithe ama samhraidh ar rátaí timpistí i	Tá an Cumann Ríoga um Thimpistí a Chosc (an Ríocht Aontaithe) i bhfabhar athrú chuig ní a dtugann sé am Samhraidh Dúbailte Aonair air. Is é an toradh a bheadh air sin, go bunúsach, ná go gcoinneofaí an t-athrú séasúrach cloig ar bun agus go ndéanfaí athrú chuig crios ama Am Lár na hEorpa (ALE).	Sna tuarascálacha súil siar ar na blianta 2015 agus 2017 ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar thagair an Leas-Phríomhoifigeach Míochaine dóibh, cuirtear in iúl go bhfuil easpa fianaise conclúidí ann go rachfaí i bhfeidhm ar shábháilteacht ar bhóithre dá n-athrófaí an clog go ham samhraidh ar fud na bliana nó go ALE. Luaigh geallsealbhóirí an tionchar a bheadh ag maidineacha níos dorcha ar shábháilteacht ar bhóithre do leanaí scoile dá roghnófaí am samhraidh buan.

TÉAMA	SEASAMH	AN TAIGHDE AR TAGRAÍODH DÓ	COMHAIRLIÚCHÁN NA hÉIREANN
	gcomparáid le tosca eile a théann i bhfeidhm orthu.		
Talmhaíocht	Mar thoradh ar an úsáid atá á baint as teicneolaíocht nua, soilsiú saorga agus teicneolaíochtaí uathoibríthe, is amhlaidh, tríd is tríd, nach ann a thuilleadh d'ábhair imní a luadh roimhe faoin gcur isteach a bheadh ann ar rithim bhitheolaíoch na n-ainmhithe agus faoi na hathruithe a bheadh ann i sceidil bhlianta dá gcuirfí an t-athrú ama i bhfeidhm. Is féidir le huair bhreise solas lae le linn an tsamhraidh a bheith ina buntáiste freisin toisc go gcumasaítear uaireanta breise oibre le haghaidh gníomhaíochtaí amuigh faoin spéir léi, amhail obair i ngoirt agus buainteoireacht.	Is neamhchonclúideach fós atá an fhianaise eolaíoch atá ar fáil ar an tionchar atá ag am coigilte sholas an lae ar earnálacha éagsúla eile (e.g. talmhaíocht agus sábháilteacht);	Leagtar amach i gCuid 3 an freagra ón eanáil talmhaíochta, rud inar pléadh na roghanna go léir – Mar an gcéanna, measadh go bhféadfadh aon éagsúlacht ó thaobh criosanna ama de ar fud an Aontais bac a chur ar an trádáil. Mar gheall ar an idirspiléachas idir an dá dhlíne, tarraingíodh ábhair imní anuas faoin bhféidearthacht go mbeadh crios ama difriúil ann i dTuaisceart Éireann. Dúirt Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann gurb amhlaidh, sula bhféadfaí athrú chomh bunúsach sin a dhéanamh, gur ghá meastóireacht chuí a dhéanamh ar na tairbhí comparáideacha a bhaineann leis na socrúithe reatha agus le ham samhraidh seasta nó le ham geimhridh seasta.
Téamaí eile a tarraingíodh anuas i gcomhairliúchán na hÉireann			

TÉAMA	SEASAMH	AN TAIGHDE AR TAGRAÍODH DÓ	COMHAIRLIÚCHÁN NA HÉIREANN
An Seasamh ó Thuaisceart Éireann/ón Ríocht Aontaithe			<p>Ó thaobh na hÉireann de, is neamhtharraingteach go háirithe atá an fhéidearthacht go mbeadh criosanna ama difriúla ann ar oileán na hÉireann. Sna torthaí ó phobalbhreith Amárach Research, chuir 82% de fhreagrathair in iúl nach mbeadh siad i bhfabhar aon bhirt lena gcruthófaí criosanna ama difriúla idir Éire agus Tuaisceart Éireann. I 39% de na haighneachtaí a fuarthas, chuir geallsealbhóirí imní in iúl faoi na himpleachtaí a bheadh ann don trádáil, do chostais fóntais agus do sceidil iompair. Bhain an imní sin le trádáil leis an Ríocht Aontaithe freisin.</p> <p>Dhéanfaí an imní sin níos measa toisc go bhfuil an Ríocht Aontaithe le himeacht ón Aontas agus nach mbeidh aon cheangal uirthi ina dhiaidh sin, agus i ndiaidh na tréimhse trasdula beartaithe, cloí le haon bheart nua a ghlacfar. Más rud é go leanann an Ríocht Aontaithe ar aghaidh ag athrú na gclog dhá uair sa bhliain agus go scoireann Éire den chleachtas, d'fhéadfadh go mbeadh tréimhse suas le seacht mí ann ar lena linn a bheadh dhá chrios ama ann ar oileán na hÉireann.</p>
Iompar		In athbhreithniú ar choimisiúnaigh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus	Tá na tuairimí ó na geallsealbhóirí ón tionscal aerlíne go háirithe mar thaca leis sin. Luann siad

TÉAMA	SEASAMH	AN TAIGHDE AR TAGRAÍODH DÓ	COMHAIRLIÚCHÁN NA HÉIREANN
		<p>an Iompair é sa bhliain 2014 ar am samhraidh a chur i bhfeidhm san Eoraip⁶, sainaithnítear iompar agus sceidealú trasteorann a bheith ar cheann de na réimsí a bhain an tairbhe is díri as comhchuibhiú ama ar fud an Aontais toisc go mbítí ag tabhú roinnt costas roimhe sin de bharr athruithe sceidil. Díródh ann ar chomhchuibhiú a dhéanamh ar chóras neamh-chomhchuibhithe agus ar thionchar dóchúil an chórais sin.</p>	<p>go mbeadh tionchar suntasach ann ar an tionscal eitlíochta agus ar thomhaltóirí. B'fhearr leo go gcloífí leis na socruithe reatha. Luann siad go bhfuil aga tionscanta fada ag teastáil chun sioncrónú a chumasú ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal domhanda.</p>
Gá ginearálta le measúnú níos mine.			<p>Faoi mar atá leagtha amach i gCuid 3, is amhlaidh, bunaithe ar na haighneachtaí éagsúla a fuarthas, nach bhfuil aon chomhaontú d'aon ghuth ann ar na tairbhí a bhaineann leis na hathruithe séasúracha cloig a choinneáil ar bun nó le scor díobh. Ba mhaith le roinnt freagrathair anailís níos mine ar an togra agus/nó na torthaí ar phróisis chomhairliúcháin na mBallstát eile a fheiceáil sula dtiocfadh siad ar thuairim ar an seasamh uathu.</p> <p>Léirítear é sin freisin in aiseolas na mBallstát.</p>

⁶ The Application of Summer time in Europe, ICF International, Meán Fómhair 2014

Cuid 5 – Conclúidí agus an Moladh

Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ar an aiseolas ó na daoine sin a chuir tuairimí in iúl tríd an gcomhairliúchán poiblí, is mar seo a leanas atá na conclúidí i dtaca leis an togra seo:

1. Níl aon fhianaise chonclúideach shoiléir ar fáil ag an am seo á léiriú go mbainfí tairbhe as na socruithe reatha a athrú.
2. Beidh riosca ann do chomhchuibhiú an mhargaidh murab ann do mhéid suntasach comhordúcháin ar fud na mBallstát den Aontas maidir lena gcriosanna ama roghnaithe, rud atá ann cheana féin sna socruithe reatha.
3. Is an-chasta an rud é an tionchar a bheidh ann ar Thuaisceart Éireann mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas agus mar gheall ar an bhfíric nach mbeidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag cibé reachtaíocht a ghlacfaidh an tAontas de bhun an togra. Tá an Ríocht Aontaithe ag cur in aghaidh an togra ó thús.
4. Ábhair mhór imní d'Éirinn is ea an fhéidearthacht go mbeadh criosanna ama difriúla ann idir an Bhreatain agus Éire agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart tar éis an Bhreathimeachta agus na himpleachtaí polaitiúla a bheadh acu sin, de bhreis ar an tionchar a bheadh ann ar an trádáil trasteorann, ar fhóntais, ar an iompar agus ar an saol laethúil.
5. Cé go bhfuil siad suntasach ó thaobh freagra de, ní hionann agus vóta saoránach ná sampla ionadaíoch na comhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta. Is freagraí féinroghnaithe iad na freagraí. Rinneadh ionadaíocht do 0.9% de dhaonra an Aontais sna freagraí ar an gComhairliúchán a reáchtáil an tAontas, ach ní dhearnadh ionadaíocht iontu ach do 0.24% de dhaonra na hÉireann. Cuireadh na figiúirí as a riocht de bharr an lín aird freagraí a fuarthas ón aon Bhallstát mór amháin. I gcás an chomhairliúcháin náisiúnta, bhí méadú ann sa leibhéal rannpháirtíochta go 0.34% den daonra náisiúnta. Sa phobalbhreith ar leith ar choimisiúnaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais í, baineadh úsáid as sampla 1000 duine atá ag teacht le déimeagrafaic an daonra náisiúnta.
6. De na daoine sin a thug tuairim ar an togra sa chomhairliúchán, bhí a bhformhór i bhfabhar scor den chleachtas reatha ina n-athraítear an clog dhá uair sa bhliain. Léirítear an méid sin freisin i bhfionnachtana na pobalbhreithe. Rud suntasach, áfach, is ea nach raibh 82% de na daoine a ghlac páirt sa phobalbhreith i bhfabhar aon socruithe lena gcruithófaí crios ama difriúil idir Éire agus Tuaisceart Éireann.
7. Dá gceadófaí an togra, bheadh formhór na bhfreagraí i bhfách le ham samhraidh ar fud na bliana agus le tráthnónta níos gile a choinneáil sa samhradh. Mar an gcéanna, aimsíodh sa phobalbhreith go raibh formhór na ndaoine i bhfabhar cloí le ham samhraidh.

An moladh

Gan fianaise láidir a bheith ann lena dtacaítear leis an status quo a athrú, agus mar gheall ar an riosca a bheadh ann do chomhchuibhiú margaidh, ar an méadú a thiocfadh ar an ualach riaracháin ar fud an Aontais agus ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas maidir leis an seasamh ó Thuaisceart Éireann/ón Ríocht Aontaithe, is é an moladh nár cheart d'Éirinn ag an am seo tacú le haon togra ar

dá bharr a d'fhéadfaí críosanna ama difriúla a chruthú ar oileán na hÉireann ná le haon togra nach mbeadh tionchar dearfach aige ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair.

Aguisíní

An Grúpa Stiúrtha Idir-rannach ar an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena Scoirtear d'Athruithe Séasúracha Ama agus lena nAisghairtear Treoir 2000/84/CE

Cúlra

Thionóil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Grúpa Stiúrtha Idir-rannach chun breithniú a dhéanamh ar an togra ó Choimisiún an Aontais le haghaidh scor d'athruithe cloig sna Ballstáit le héifeacht ón 1 Aibreán 2019.

Na comhaltaí agus an lóistíocht

- Déanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais cathaoirleacht ar an nGrúpa agus soláthróidh sí Rúnaíocht dó.
- Beidh na Ranna seo a leanas ina gcomhaltaí den Ghrúpa: an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta; an Roinn Gnómhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; an Roinn Oideachais agus Scileanna; an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála; an Roinn Sláinte; an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail; Roinn an Taoisigh; agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Cuspóir

Is é cuspóir an Ghrúpa Stiúrtha:

- Breithniú a dhéanamh ar an Togra ó Choimisiún an Aontais
- Rannchuidiú le díospóireachtaí ar leibhéal Meithle agus Aireachta
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar chleachtadh comhairliúcháin phoiblí leis na geallsealbhóirí ábhartha uile
- Conclúidí agus moltaí a leagan amach i dtuarascáil lena cur faoi bhráid an Rialtais

Ról na gcomhaltaí

- Freastal ar chruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha
- Geallsealbhóirí ábhartha ina n-earnáil a shainaithint
- Sonraí a thabhairt faoi aon anailís shonrach earnála atá ar fáil
- Páirt a ghlacadh i dteagmhálacha dírithe earnála

Ionadaithe do na Ranna sa Ghrúpa Stiúrtha Idir-rannach

Roinn	Ionadaí
An Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais	Doncha O’Sullivan Eileen Leahy Aisling Brennan Eoghan O’Brien Darragh Brennan
